gaelscoil na gcloch liath

Nuachtlitir Márta 2010

Nótaí

Dé hAoine 26/3/10
Saoire na Cásca: Dúnann an scoil ar 12.00.
Easter Holidays : School Closes at 12 noon.

Dé Luain 12/4/10
Osclaíonn an scoil tar éis Saoire na Cásca.
School opens after Easter Holidays.

Dé Luain 3/5/09
Scoil dúnta ar an Lá Saoire Baince
School closed— bank holiday.

Dé hAoine 7/5/09
Críochnaíonn an scoil ar 1.10i.n. i gomhair cruinniú foirne.
School closes at 1.10p.m. for a staff meeting.

Síntiús Deonach

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leo siúd a chur isteach an Síntiús Deonach.
We would like to thank all those who have sent in their voluntary contribution.

Seachtain na Gaeilge

Le seachtain go leith anuas cheiliúramar Seachtain na Gaeilge le heachtra faoi leith eagraithe gach lá. Bhain na páistí taitneamh is tairbhe as an tréimhse agus an Ghaeilge á úsáid i suíomhanna éagsúla. Ina dteannta is léir gur bhain na tuismitheoirí an-taitneamh as an Seachtain chomh maith agus b'iontach an rud é sibh a fheiscint chomh minic ag glacadh páirte sna heachtraí éagsúla.

For the past week and a half we have celebrated Seachtain na Gaeilge with a different event each day. The children truly enjoyed the celebrations and used their Gaeilge in a variety of situations. The parents evidently enjoyed the week and we are delighted that you could join us for the many different events.

Ag labhairt leis na bpáistí, ba dheacair dóibh an eachtra gurb fhearr leo a ainmniú. Bhí an iomarca roghanna acu - lá glas, Éamon de Buitléar, Ceoltóirí Choláiste Raithín, Róisín agus an scéal, tóraíocht focal, céilí & ceolchoirm, turas go Scoil Chualann, Tráth na gCeist nó na Smoothies glasa. Cuma cad a roghnaigh said, bhí said thar a bheith tógtha leis na "ticéid do thuismitheoirí" (mar a bhí na tuismitheoirí féin!).

From chatting to the children, they have found it difficult to choose their favourite event. There were too many to choose from - the Green Days, Éamon de Buitléir, musicians from Coláiste Raithín, Róisín and the story, the letter hunt, the trip to Scoil Chualann, the Céilí and concert, the table quiz or the green smoothies. But not matter what they chose, they all enjoyed the "tickets for parents" (as did the parents!).

Ba é an ceolchoirm/céilí buaicphointe na seachtaine. Léirigh na páistí go cumasach roinnt amhráin, poirt, agus bhí rincí Gaelaigh ann do na tuismitheoirí agus do pháistí an Naíonra agus an Educate Together. Ghlac chuile dhuine páirt fuinniúil sna himeachtaí.

The concert/céilí was perhaps the highlight of the week. The children performed songs, tin whistle and there was Irish dancing for the parents and the children from the Naíonra and the Educate Together to participate in. Everyone thoroughly enjoyed the concert.

Seachtain na Gaeilge ...

Ba chúis mhór áthais d'fhoireann na scoile an bród a léirigh na páistí as a gcuid Gaeilge agus a gcultúr a fheiscint. Míle buíochas do na tuismitheoirí uilig a thug cúnamh agus tacaíocht dúinn le linn imeachtaí na seachtaine. Tá súil againn gur bhain sibh an oiread sult as an tseachtain is a bhaineamar.

We were delighted to see the children display pride in their language and culture. Special thanks to all the parents who supported and gave a helping hand with the week's events. We hope that you enjoyed the week as much as we did.

Clár Bán Idirghníomhach
(Luach €4500)



Tá 163 as 500 fón againn.
We have collected 163 phones

Léitheoireacht

Tá na Naíonáin Bheaga ag tosnú ar an léitheoireacht neamhfhoirmiúil tar éis na Cásca. Táimid ag lorg tuismitheoirí chun léamh leo ón Mháirt go dtí an Aoine ar maidin (maidin amháin an duine ar feadh 20 nóiméad) Má tá suim agat, labhair le Múinteoir Eoghan.

Junior Infants will start their informal reading after Easter. We are looking for parents to read with the children Tuesday to Friday for 20 minutes in the morning. If you are available and would like to help with this, please talk to M. Eoghan.

Labhair Gaeilge linn!

Beidh Maidin Caifé agus Ciorcal Comhrá ar siúl Dé hAoine, 16ú de Mhí Aibreáin ag a 9 a chlog i Seomra na dTuismitheoirí sa scoil. Táimid ag tnúth leis go bhfeicfimid sibh ansin.

A coffee morning and "ciorcal comhrá" will be held in the Patents' Room in the school on Friday 16th April at 9.00am. We hope that we will see you there.

An Chéad Fhaoistin

Ba mhaith linn comhghairdeachas a dhéanamh le páistí i Rang a Dó a rinne an Chéad Fhaoistin Dé Sathairn an 6ú Márta. Ba shearmanas deas neamhfhoirmiúl é agus ba dheas é na gaolta uilig a fheiscint ag tabhairt tacaíochta do na páistí. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an Athair León a cheiliúraigh an Chéad Fhaoistin, do Mhúinteoir Rita a d'ullmhaigh na páistí is do Mhúinteoir Daithí a sheinn an orgáin. B'ócáid speisialta í do na páistí agus don scoil uilig. Comhghairdeachas, a Pháistí!

We would like to congratulate the children in Rang a Dó who made their First Confession on Saturday 6th March. It was a lovely informal ceremony and we were delighted to see so many relations there supporting the children. We would also like to thank Fr. Leon who celebrated the First Confession, M. Rita for preparing the children and M. Daithí for the music. It was a special occasion not only for the children but for the whole school. Congratulations!

Turas Scoile

Beidh na páistí ag dul ar thuras go feirm Kilmullen Dé hAoine 16ú Aibreán. Tá 4 tuismitheoir ag teastáil don lá, beirt le N. Bheaga (8.50—11.00) agus beirt le N. Mhóra, R1 agus R2 (10.30—1.00). Má tá suim agat cúnamh a thabhairt, labhair le M. Eoghan.

The children will be going on a tour to Kilmullen Farm on Friday 16th April. We will need 4 parents to help on the day, 2 for N. Bheaga (8.50—11.00) and 2 for N. Mhóra, R1 and R2 (10.30—1.00). If you would like to help, contact M. Eoghan.

Stórfhocail na Cásca

Beannachtaí na Cásca
Happy Easter
Ubh/Coinín Cásca
Easter egg/Bunny
Tóraíocht Uibhe
Egg hunt
Cá bhfuil na huibheacha?
Where are the eggs?
Tá said i bhfolach
They are hidden
D'aimsigh mé ubh!
I found an egg!

Obair na bPáistí

Tóraíocht Litir

Ar an Luan bhí tóraíocht litir i nGaelscoil na gCloch Liath. Bhí muid ag caitheamh éadaí glasa. Bhí orainn litreacha a fháil chun focail a dhéanamh. Bhí sé thar barr. Le Leah agus Finn.

Tóraíocht Litir.

Ar an Luan bhí tóraíocht litir i nGaescoil na gCloch Liath. Bhí na páistí ag aimsiú Litreacha chun abairt a dhéanamh. Bhí na páistí ag caitheamh glas. Le Ava agus Eiméad.

Ceoltóirí ó Choláiste Raithín

Ar an Máirt tháinig ceoltóirí ó Choláiste Raithín go Gaelscoil na gCloch Liath. Chas siad an consairtína, an chruit, an fheadóg mhór, an fhéadóg stáin agus na píobuilinn. Bhain na páistí sult as.

Le Kim agus Lorcán

Éamonn de Buitléir

Ar an gCéadaoin tháinig Éamon de Buitléir ag caint faoi ainmhithe ar nós an oisín agus an coinín agus an t-éan. Bhí sé ar siúl sa halla. Bhí sé ag casadh ceol álainn aerach. Bhí sé thar bharr. Le Mia agus Moya

Cuairt go Scoil Chualann

Ar an Déardaoin, chuaigh na páistí ar an mbus go Scoil Chualann. Bhí na páistí ag canadh amhrán. Bhí na páistí ag suí síos i halla. Bhí páistí i Scoil Chualann. Bhí spórt agus spraoi ag na páistí.

Le Ailbhe agus Tomás

Éirinn Abú!

Ar an Déardaoin bhí na páistí ar an mbus ó Ghaelscoil na gCloch Liath go Scoil Chualann. Bhí na páistí ag rince. Bhí spórt agus spraoi ag na páistí. Le Alanna agus Anraí

An Céilí

Bhí Céilí ar siúl ar an Aoine i nGaelscoil na gCloch Liath. D'éist muid agus chan muid dán. Bhí Foghlaimís le Chéile sa chlós linn. Bhí rince agus bhí na tuismitheoirí linn. Bhí sé thar bharr.

Le Izzy agus Lorcan

Tráth na gCeist

Ar an Luan bhí tráth na gceist i nGaelscoil na gCloch Liath. Tháinig tuismitheoirí chun cabhrú linn. Bhí babhta na dtuismitheoir freisin. Fuair na buatóirí airgead chun leabhar a fháil. Bhí an tráth na gceist ar fheabhas. Bhain gach duine sult as. Bhí lá glas ar an Luan. Bhí beag nach gach duine gléasta i nglas. Le Pádraig agus Caoilfhionn

Tráth na gCeist

Ar an Luan bhí tráth na gceist i nGaelscoil na gCloch liath. Bhí na tuismitheoirí ann chun cabhrú linn. Fuair na buaiteoirí dearbhán leabhair.

Le Neil agus Alana

Maith sibh, a Pháistí!